Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16668/24**

**POLGEN 164**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Clár Oibre Straitéiseach a thabhairt ar aghaidh<br>Clár 18 mí na Comhairle (an 1 Eanáir 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, clár 18-mí na Comhairle a d'ullmhaigh Uachtaránachtaí na Polainne, na Danmhairge agus na Cipire a bheidh ann amach anseo agus an tArdionadaí, cathaoirleach na Comhairle Gnóthaí Eachtracha.

# IARSCRÍBHINN

***An clár***

## I. RÉAMHRÁ

Ag cur le clár oibre straitéiseach 2024-2029, geallann an fhoireann trí Uachtaránacht - an Pholainn, an Danmhairg agus an Chipir - obair na Comhairle a stiúradh ag tús an timthrialla institiúidigh nua seo i bhfianaise dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus brú geopholaitiúil ar an Aontas Eorpach, go háirithe cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus an staid thubaisteach sa Mheánoirthear, a bhfuil tionchar acu ar bheartais an Aontais i gcoitinne.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús leis an obair ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027, agus caithfear na tosaíochtaí atá i gclár oibre straitéiseach 2024-2029 a léiriú sa chreat sin.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht d'iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus leis na saoránaigh, go háirithe an óige, in éineacht le hinstitiúidí an Aontais laistigh dá n-inniúlachtaí.

## II. EORAIP ATÁ LÁIDIR SLÁN

**Gníomhaíocht sheachtrach chomhleanúnach a bhfuil tionchar aicí**

I bhfianaise an teannais dhomhanda, creideann an fhoireann trí Uachtaránacht go daingean nach mór don Aontas dul in oiriúint don chomhthéacs nua ilpholach geopholaitiúil agus a ról mar ghníomhaí domhanda a dhearbhú, agus córas iltaobhach riailbhunaithe bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe á chosaint ag an am céanna, agus lánurraim don dlí idirnáisiúnta á cur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear urraim don cheannasacht, don iomláine chríochach agus do chearta an duine do chách..

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite do rannpháirtíocht an Aontais le comhpháirtithe ar an leibhéal domhanda, lena gcuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte agus chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a fhorbairt, lena n-áirítear trí Global Gateway a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin uathriail straitéiseach oscailte, slándáil eacnamaíoch agus athléimneacht an Aontais agus a cheannaireacht theicneolaíoch a áirithiú, de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa.

Beidh sé d’aidhm ag an bhfoireann trí Uachtaránacht tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, fuinnimh, airgeadais agus dhaonnúil a áirithiú don Úcráin, agus aghaidh á tabhairt aici ar fhogha gan chúis gan údar na Rúise, a fhad is gá agus faoi chuimsiú na gcuspóirí níos ginearálta maidir leis an tsíocháin, an tslándáil, an chobhsaíocht, an dea-rialachas agus an rathúnas a chur chun cinn i gcomharsanacht an oirthir. Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta freisin go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit tuilleadh cúnaimh dhaonnúil a chur ar fáil agus tacaíocht airgeadais fhadtéarmach a chomhordú arb é is aidhm di cumais chosanta, athléimneacht agus atógáil na hÚcráine a neartú. Oibreoimid freisin ar smachtbhannaí agus cuirfimid go láidir leis an gcomhrac chun nach dtiocfar timpeall orthu.

I bhfianaise na coinbhleachta leanúnaí in Gaza agus go bhfuil cúrsaí dulta in olcas sa réigiún i gcoitinne, rud a mbeidh tionchar aige ar chobhsaíocht agus ar shlándáil an réigiúin sna blianta atá le teacht, agus iarmhairtí aige sin ar an Aontas féin, cuirfidh na trí Uachtaránacht freagairt Eorpach inchreidte chomhleanúnach chun cinn, lena ndíreofar ar thuilleadh cúnaimh dhaonnúil, ar shíocháin inbhuanaithe a chur chun cinn agus ar thacú le hathchóirithe agus le hiarrachtaí atógála, i gcomhar le comhpháirtithe.

Forbróidh an tAontas comhar saincheaptha le comhpháirtithe i gcomharsanacht an oirthir, go háirithe le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir. Beidh raon feidhme an chomhair sin ag brath ar thoilteanas agus ar chumas gach tíre. Leis an gcur chuige sin, ba cheart go mbeifí in ann leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an chomhair leis na comhpháirtithe is toilteanaí agus is ábalta, mar shampla an Úcráin agus an Mholdóiv, lena n-áirítear i gcomhthéacs mhéadú an Aontais.

Maidir le Comharsanacht Deiscirt an Aontais Eorpaigh, cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht beocht an athuair i dtiomantas an Aontais an chomhpháirtíocht straitéiseach sin a chur ar bun arís agus a fhorbairt a thuilleadh. Tá comhpháirtíocht neartaithe sa Mheánmhuir fós ina riachtanas straitéiseach don Aontas, ós rud é go bhfuil gá le freagairt choiteann ar na dúshláin chomhpháirteacha.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite don chomhar le comhpháirtithe trasatlantacha, agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá comhpháirtíocht straitéiseach chomhleanúnach, chomhthairbheach agus athléimneach leis na Stáit Aontaithe, ag tógáil ar ár gclár oibre láidir trasatlantach agus bunaithe ar ár gcomhluachanna daonlathacha agus ar ár gcomhleasanna, agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus ag an gComhairle Eorpach. Is tosaíochtaí tábhachtacha don fhoireann trí Uachtaránacht iad garchomharsanacht agus caidreamh an Aontais le heagraíochtaí réigiúnacha, mar shampla Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille (GCC), Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), an tAontas

Afracach, Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC), agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN). Tá na trí chomhpháirtí ag tnúth freisin le féachaint ar an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe a dhoimhniú, ag cur le comhaontuithe atá ann cheana, chomh maith le dlús a chur leis an rannpháirtíocht sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

Saothróidh an fhoireann trí Uachtaránacht beartas trádála uaillmhianach, oscailte, láidir agus inbhuanaithe, trí chomhaontuithe déthaobhacha agus tríd an gcóras iltaobhach trádála riailbhunaithe a athbhunú, lena n-áirítear EDT. I ndáil leis an méid sin, díreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar leochaileacht an Aontais i leith spleáchais sheachtracha straitéiseacha a laghdú agus ar shlabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú. Sa chomhthéacs sin, tabharfar aghaidh freisin ar an tslándáil mhuirí, lena n-áirítear sa Mhuir Dhearg, sa Mhuir Dhubh agus i Muir Bhailt.

**Gníomhaíocht straitéiseach maidir le slándáil agus cosaint**

Bainfidh an fhoireann trí Uachtaránacht leas as na hionstraimí uile chun rannchuidiú le slándáil na saoránach a áirithiú, lena n-áirítear an choireacht ar líne agus as líne a chosc agus a chomhrac, agus neartóidh siad a thuilleadh na hiarrachtaí chun an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an choireacht thromchúiseach eagraithe agus an t-éilliú a bhrath agus a chomhrac trí úsáid a bhaint as na huirlisí ábhartha uile um fhorfheidhmiú an dlí agus um chomhar breithiúnach.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin chun feabhas a chur ar an ullmhacht agus ar an athléimneacht chun freagairt ar thubaistí nádúrtha, agus ar bhagairtí nua agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear cibirionsaithe agus ionsaithe hibrideacha, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (lena n-áirítear i gcomhthéacs toghchán), agus ar ionstraimiú na himirce. Féachfaidh sí freisin le bagairtí ar bhonneagar criticiúil an Aontais a chomhrac agus leis an Aontas a chosaint ar sceitheadh criticiúil teicneolaíochta.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun ullmhacht agus acmhainneacht cosanta an Aontais a neartú chun freagracht a ghlacadh as slándáil agus cosaint an Aontais féin agus gníomhú i gcomhthéacs bagairtí míleata nach raibh ann riamh cheana ag a theorainneacha agus níos faide i gcéin.

Sa chomhthéacs sin, féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar an infheistíocht sa chosaint a mhéadú. Féachfaimid freisin ar infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht i réimse na cosanta agus ar acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta an Aontais a fhorbairt, lena n-áirítear san Úcráin, bonneagar criticiúil míleata agus dé-úsáide, slándáil an tsoláthair a fhorbairt, agus ar mhargadh cosanta níos comhtháite a fhorbairt. Beidh ról an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ríthábhachtach i gcónaí maidir le tionscal cosanta na hEorpa a fheabhsú trí réimse ionstraimí airgeadais.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun cinn iarrachtaí an Aontais maidir le tionscadail shuaitheanta agus tionscnaimh chosanta leasa choitinn ar fud an Aontais.

Rannchuideoidh an fhoireann trí Uachtaránacht le cur chun feidhme chúraimí chompás straitéiseach an Aontais do 2025.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht comhar cuimsitheach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chur chun cinn le ECAT, ag obair le Ballstáit uile an Aontais agus ar mhaithe leo, lena n-áiritheofar cuimsitheacht, trédhearcacht, cómhalartacht, urraim do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais, agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh.

**Cur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus bainistiú teorainneacha**

Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht gur gá aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta chuig an Aontas, chomh maith le comhchóras tearmainn agus imirce a fheidhmíonn go hiomlán agus go héifeachtach a áirithiú, agus déanfaidh siad a ndícheall an leas is fearr is féidir a bhaint as réitigh dhlíthiúla agus phraiticiúla sa réimse sin, lena n-áirítear an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite do ghníomhaíocht dhiongbháilte maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint agus a neartú go héifeachtach trí gach modh atá ar fáil, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear ionstraimiú na himirce. Féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht le bealaí nua a aimsiú chun gluaiseachtaí neamhrialta imirce chun na hEorpa a chosc agus a chomhrac.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite freisin don obair chun filleadh imirceach a éascú, a mhéadú agus a bhrostú, lena n-áirítear an ghiaráil is gá chun aidhmeanna an Aontais a bhaint amach, agus gné sheachtrach na himirce mar chuid de cur chuige cuimsitheach an bhealaigh iomláin, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a bhunú le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Ag an am céanna, oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun cur chuige straitéiseach a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm bheartas víosaí an Aontais chomh maith le comhar maidir le conairí dlíthiúla, i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair ar an leibhéal náisiúnta agus le roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar fheidhmiú rianúil limistéar Schengen chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh gluaiseacht go sábháilte agus gan bhac san Aontas.

**Méadú dea-ullmhaithe agus athchóirithe inmheánacha**

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht le móiminteam na caibidlíochta aontachais le tíortha is iarrthóirí mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Agus iad ag brath ar luachanna coiteanna agus ar bhunphrionsabail an Aontais, oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun an chaibidlíocht aontachais a chur chun cinn, i gcomhréir le cur chuige fiúntasbhunaithe maidir le haontachas leis an Aontas do na tíortha uile is iarrthóirí, agus chun tacú leo na critéir aontachais a chomhlíonadh bunaithe ar choinníollacht dhian, idir dhearfach agus dhiúltach i gcomhréir leis an modheolaíocht nua. I gcás inarb infheidhme, féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin an bhféadfaí lánpháirtiú de réir a chéile na dtíortha is iarrthóirí agus an comhar leo i réimsí beartais eile de chuid an Aontais a chur chun cinn i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2023.

Ag an am céanna, déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht obair leantach ar na hiarrachtaí chun na hathchóirithe inmheánacha is gá a dhéanamh ar an Aontas chun a áirithiú go mbeidh ár mbeartais, ár staid airgeadais agus ár n-institiúidí oiriúnach don todhchaí.

## III. EORAIP ATÁ RATHÚIL IOMAÍOCH

**Cur chuige comhtháite i leith an iomaíochais**

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar iomaíochas agus táirgiúlacht fhadtéarmach, chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach, an Aontais a neartú, chun ceannasacht ár nAontais in earnálacha straitéiseacha a threisiú, geilleagar oscailte a chur chun cinn, poist mhaithe a chruthú, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht réigiúin na hEorpa, agus rannchuidiú le beartas tionsclaíoch a fhorbairt don Aontas a bheidh oiriúnach don todhchaí. Cuideoidh sé sin le spleáchais an Aontais a laghdú, ár n-athléimneacht a mhéadú, agus an tslándáil eacnamaíoch a chothú. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun acmhainneachtaí an Aontais i bpríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí a chur chun cinn chun agus chun infheistíocht a dhéanamh i bpríomhbhonneagar go mbeidh oibreoirí Eorpacha in ann dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda agus na deiseanna a bhaineann le geilleagar aeráidneodrach, digiteach agus ciorclach a thapú. Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht beartas scileanna agus infheistíochtaí an Aontais chun cinn d’fhonn borradh ;a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta an Aontais agus bearnaí scileanna a shárú.

Áiritheoidh an fhoireann trí Uachtaránacht go ndéanfar dul chun cinn maidir le hathchóirithe struchtúracha sna Ballstáit faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus leanfaidh siad d'iarrachtaí a dhéanamh chun gach gné den Mhargadh Aonair a dhoimhniú trí dheireadh a chur le bacainní

ar sheirbhísí agus, go háirithe, ar earraí riachtanacha, agus trí chothrom iomaíochta a áirithiú. Oibreoidh sí chun an straitéis chothrománach nua a chur i gcrích le haghaidh Margadh Aonair nuachóirithe. Féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin leis an ualach riaracháin agus rialála a laghdú, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Leagfar béim ar réimsí an fhuinnimh, an airgeadais agus na teileachumarsáide a dhoimhniú a thuilleadh. Ina theannta sin, leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair chun iomaíochas earnáil an iompair a fheabhsú.

Tógfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht an obair ar aghaidh maidir le custam, agus maidir le himghabháil agus seachaint cánach a chomhrac.

Chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a fháil, leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht d’iarrachtaí a dhéanamh chun Aontas na Margaí Caipitil a fhorbairt agus a dhoimhniú a thuilleadh, i gcomhréir le tosaíochtaí sainaitheanta, agus chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Bheadh sé ríthábhachtach Margaí Caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite a chruthú chun rochtain a thabhairt do gach cuideachta Eorpach ar mhaoiniú níos éagsúlaithe ar chostas níos ísle agus chun an méid suntasach d’infheistíocht phríobháideach is gá a fháil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus riachtanais thionscal cosanta na hEorpa.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht a dícheall freisin an creat nua rialachais eacnamaíoch a chur chun feidhme go héifeachtach chun inbhuanaitheacht fhioscach na mBallstát a áirithiú agus chun fás eacnamaíoch a chur chun cinn.

**An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach**

Bainfidh an fhoireann trí Uachtaránacht leas as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach chun margaí, tionscail agus poist ardcháilíochta na todhchaí a chruthú. Cothóidh sé sin iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a chuideachtaí agus fágfaidh sé go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta don tionsclaíocht agus don teicneolaíocht, idir ghlas agus dhigiteach, agus ina theannta sin, méadófar ceannasacht fuinnimh an Aontais. Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht aistriú an Aontais chuig an aeráidneodracht faoi 2050 a thabhairt ar aghaidh tríd an reachtaíocht atá ann faoi láthair do 2030 a chur chun feidhme agus trí oibriú i dtreo sprioc aeráide de chuid an Aontais do 2040, ar bhealach lena gcuirfear cothroime, dlúthpháirtíocht, costéifeachtúlacht agus iomaíochas chun cinn, agus borradh á chur ag an am céanna faoi tháirgiúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa agus, ar an gcaoi sin, cuirfear lena rathúnas. Leanfaidh sé freisin d’iarrachtaí a dhéanamh chun ceannaireacht an Aontais a áirithiú ar an leibhéal domhanda i gcomhthéacs na caibidlíochta idirnáisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht ag na COPanna atá ar na bacáin.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun geilleagar níos ciorclaí atá níos tíosaí ar acmhainní a fhorbairt a thuilleadh, éifeachtaí diúltacha sláinte ar an gcomhshaol a laghdú, forbairt thionsclaíoch teicneolaíochtaí agus táirgí atá glan agus glan-nialasacha a chur chun cinn, agus leas iomlán a bhaint as an mbithgheilleagar agus an dúlra á chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras á aisiompú, lena n-áirítear na haigéin. Cuirfimid dlús leis an obair ar oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear ullmhacht d’eachtraí adhaimsire, athléimneacht uisce a neartú ar fud an Aontais i ndáil leis an bPlean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus leis an Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce atá ar na bacáin.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht earnálacha talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe atá iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach chun cinn agus leanfar de shlándáil bia agus ioncaim chothroma a áirithiú d'fheirmeoirí, agus déanfaidh sí a ndícheall feabhas a chur ar staid na bhfeirmeoirí, na n-iascairí agus na dtáirgeoirí i slabhra an tsoláthair bia agus i gcomhthéacs an dá aistriú. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar mhaithe le forbairt, inbhuanaitheacht agus iomaíochas na gceantar tuaithe ar bhonn comhtháite.

Leanfar den obair chun ceannasacht fuinnimh an Aontais a mhéadú, chun na spleáchais sheachtracha a íoslaghdú agus fíoraontas fuinnimh a thógáil, rud a dhaingneoidh soláthar flúirseach an fhuinnimh inacmhainne, ghlain. Chuige sin, beidh gá le leictriú uaillmhianach, le gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin a úsáid, borradh a chur faoin infheistíocht in eangacha, stóráil agus idirnaisc, le comhtháthú an mhargaidh fuinnimh a chur i gcrích, chomh maith leis an ualach riaracháin a laghdú tuilleadh trí dhlús a chur le deonú na gceadanna, lena n-áirítear i réimse na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh.

Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht leis an obair chun acmhainneacht mhonaraíochta na hEorpa a mhéadú le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus táirgí glan-nialasachta. Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht aird ar leith ar thuilleadh feabhais a chur ar na dálaí infheistíochta i mbonneagar trasteorann atá slán agus athléimneach le haghaidh fuinnimh, ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin, uisce, iompair agus cumarsáide.

Leanfaidh sí de bheith ag obair i dtreo éiceachóras digiteach a bheidh inbhuanaithe, nuálach agus athléimneach lena gcumhachtaítear saoránaigh agus gnólachtaí. Cothóidh an fhoireann trí Uachtaránacht forbairt teicneolaíochtaí digiteacha ceannródaíocha, cuirfidh siad idir-inoibritheacht sonraí agus an nascacht trasteorann chun cinn, agus spreagfaidh siad infheistíocht i mbonneagar digiteach ceannródaíoch, slán agus éifeachtúil, mar shampla teicneolaíochtaí criticiúla san Eoraip agus teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha, go háirithe an intleacht shaorga. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht d'iarrachtaí chun caighdeáin dhigiteacha an Aontais a chur chun cinn agus chun an príobháideachas agus an tslándáil ar líne a áirithiú do gach saoránach, lena n-áirítear rochtain dhleathach ar shonraí trí fhorfheidhmiú an dlí. Rannchuideoidh an fhoireann trí Uachtaránacht le ról ceannasach an Aontais maidir le forbairt na rialacha agus na gcaighdeán digiteach domhanda a chur chun cinn, cuir i gcás rialacha agus caighdeáin maidir leis an intleacht shaorga. I ndáil leis an méid sin agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar na dúshláin gheopholaitiúla atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear an chibearthaidhleoireacht agus an taidhleoireacht dhigiteach. I bhfianaise líon agus éagsúlacht mhéadaitheach na gcibearbhagairtí, déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht obair chun cibear-athléimneacht an Aontais a neartú agus chun cur chuige cuimsitheach i leith na cibearshlándála a fhorbairt. Ina theannta sin, áiritheofar gur féidir leis an Aontas lántairbhe a bhaint as an aistriú digiteach ar bhealach a bheidh cothrom, inbhuanaithe do gach saoránach agus gnólacht, agus go mbeidh cur chuige soiléir duinelárnach ann, i Margadh Aonair Digiteach dea-fheidhmiúil.

**Timpeallacht atá fabhrach don nuáil agus don ghnó a chur chun cinn**

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair chun borradh a chur faoi acmhainneacht taighde agus nuálaíochta na hEorpa sna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus sna teicneolaíochtaí cumasúcháin, chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus chun neart tionsclaíoch a bhaint amach sna príomhearnálacha, lena n-áirítear an chosaint, an spás, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, leathsheoltóirí, 5G/6G, an tsláinte, biteicneolaíochtaí, teicneolaíochtaí glan-nialasachta, an tsoghluaisteacht, an chógaisíocht, ceimiceáin agus ardábhair. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht dá hiarrachtaí chun cothrom iomaíochta a áirithiú go hinmheánach agus ar fud an domhain chun an iomaíocht chóir a chosaint, chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le sábháilteacht na dtáirgí a thagann isteach sa Mhargadh Aonair.

Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta do rialáil níos fearr agus rachaidh siad i mbun oibre chun an t-ualach maorlathach agus rialála a laghdú, lena n-áirítear oibleagáidí tuairiscithe, agus chun próisis riaracháin a athchóiriú do ghnólachtaí, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta. Ina theannta sin, déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht cur chuige comhtháite, comhordaithe, comhleanúnach a fhorbairt a thuilleadh ar fud na réimsí beartais uile agus leagfaidh siad béim ar leith ar chur chun feidhme na mbeartas comhaontaithe, lena n-áirítear trí dhíriú ar mheasúnuithe tionchair thráthúla, ar ardcháilíocht.

**Dul chun cinn le chéile**

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht a dícheall chun a áirithiú gur féidir le gach duine na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a thapú agus nach bhfágfar aon duine ar lár. Chuige sin, leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de bheith ag díriú ar chur chun feidhme na bprionsabail de chuid Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus samhlacha náisiúnta mhargadh an tsaothair agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna. Beidh sé d’aidhm aici dul i ngleic leis na ganntanais saothair agus scileanna san Aontas. I ndáil leis sin, cuirfidh sé an infheistíocht chun cinn i scileanna, in oiliúint agus in oideachas daoine ar feadh a saoil, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag gach duine ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a bheidh ar ardcháilíocht agus cuimsitheach. Díreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar na bealaí le leas a bhaint as na tairbhí a eascraíonn as an úsáid mhéadaithe a bhaineann oibrithe agus gnólachtaí as an intleacht shaorga i saol na hoibre agus ar na bealaí le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leo. Déanfaidh na trí Uachtaránacht a ndícheall an comhionannas inscne agus comhdheiseanna a chur ar fáil do chách, an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a neartú, agus beartais lena laghdaítear neamhionannais ar gach leibhéal a shaothrú. Saothróidh sí beartais lena gcothófar an cuimsiú sóisialta, rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus ar thithíocht inacmhainne. Déanfar iarrachtaí leanúnacha chun fostaíocht i measc an aosa óig a mhéadú, chun daoine scothaosta a chumhachtú chun bheith gníomhach ar feadh tréimhse níos faide, agus chun grúpaí i gcásanna leochaileacha a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, agus soghluaisteacht an lucht saothair á héascú ag an am céanna.

Neartóimid a thuilleadh an comhar sláinte tríd an Aontas Sláinte Eorpach, athléimneacht agus cibearshlándáil na gcóras sláinte agus rochtain níos fearr ar gach cógas agus feiste leighis riachtanach ar fud an Aontais, agus earnáil chógaisíochta iomaíoch san Aontas á háirithiú ag an am céanna. Tacóidh sé sin linn sochaí na fadsaolaí rathúil a thógáil, ár gcórais leasa agus ár ngeilleagar a choinneáil inbhuanaithe, agus cáilíocht saoil ár saoránach a fheabhsú. Agus sinn ag ullmhú don todhchaí, déanfaimid gníomhaíocht iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí déimeagrafacha. Ar an iomlán, tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht aird ar leith ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a mhéadú, agus é mar aidhm aici cóineasú aníos leanúnach a bhaint amach, chun éagothromaíochtaí a laghdú agus fás fadtéarmach a spreagadh ar fud an Aontais.

## IV. EORAIP ATÁ SAOR, DAONLATHACH

**Na luachanna Eorpacha a chaomhnú san Aontas**

Measann an fhoireann trí Uachtaránacht go bhfuil sé an-tábhachtach bunluachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus a chosaint: an meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

Tá na luachanna sin ríthábhachtach d’fheidhmiú an Aontais agus don bhonn atá lenár gcomhar, lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht a seacht ndícheall meáin shaora iolraíocha a áirithiú agus an tsaoirse ar líne a chosaint, lena n-áirítear tríd an mbréagaisnéis a chomhrac, an tsochaí shibhialta a chosaint, dul i ngleic leis an trasnaíocht eachtrach, trédhearcacht níos fearr a áirithiú agus cur i gcoinne an díchobhsaithe lena n-áirítear tríd an mbréagaisnéis agus an fhuathchaint, an dioscúrsa daonlathach a neartú agus trína áirithiú go nglacfaidh na mórardáin teicneolaíochta freagracht as idirphlé daonlathach a chosaint agus mionaoisigh a chosaint ar ábhar díobhálach ar líne, agus cosc a chur ar mhí-úsáid na n-ardán sin chun críoch coiriúil. Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha agus d’earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, a bhfuil ról tábhachtach acu maidir leis an daonlathas agus luachanna Eorpacha a chothú.

Díreofar go speisialta freisin ar an bhforéigean inscnebhunaithe, an fhuathchaint, an tseineafóibe, an t-idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh a chomhrac, agus cuirfear an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil chun feidhme go hiomlán ag an am céanna.

Ós rud é go bhfuil rochtain éifeachtúil ar an gceartas ar cheann de na gnéithe riachtanacha chun an tsaoirse agus an daonlathas a neartú, tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht leis na gníomhaíochtaí uile lena n-éascaítear an rochtain sin.